An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2018

# Go saortar sinn go léir



Íomhá © Tonya Fitzpatrick, World Footprints (http://WorldFootprints.com). Gach ceart ar cosaint.

Fel y Bo Pawb yn Rhydd / That All May Be Free

**18–25 Mí Eanáir** www.ctbi.org.uk/weekofprayer

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©

## FÁILTE

Aithnímid agus sinn ag guí le haontacht na hEaglaise go bhfuil scoilt i gcaidrimh, ach chomh maith leis sin, aithnímid go bhfuil éagóracha éagsúla ag scrios na bpobal Críostaí agus go gcuireann sé seo isteach ar ár rannpháirtíocht i misean Dé. Tá baint ag an stair leis seo chomh maith, agus bíonn tionchar ag a leithéid ar an tslí ina mairimid sa phobal.

Is ceisteanna iad seo a eascraíonn amach as an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí don bhliain 2017. Tá cur síos againnn ó cheantar Mhuir Chairib ar an gcomhthéacs áirithe sin, agus é mar phort acu go raibh lámh ag Dia sa phróiséas inar cuireadh deireadh leis an sclábhaíocht, agus gurb é misean Dé ar domhan ná go dtarraingeoimis go léir le chéile d'fhonn deireadh a chur leis an éagóir, le scáthanna na staire, agus le ceisteanna móra comhaimseartha mar an bhochtaineacht, an gháinneail, agus an leithcheal.

Is féidir féachaint ar an taithí a bhí ag muintir Mhuir Chairib mar rud a thugann ár ndúshlán inár gcomhthéacs féin ó thaobh machnamh a dhéanamh ar na héagóracha a bhaineann leis an mBreatain agus le hÉirinn. Is iad na héagóracha céanna a chruthaíonn na deighiltí a chuireann isteach ar an tslí ina nglacaimid páirt i misean Dé a iarrann orainn a bheith ag obair go gníomhach i dtreo deireadh a chur le gach deighilt.


Is é a bheidh le fáil ag an té a fhéachfaidh ar an méid seo ná na hachmhainní éagsúla a tógadh ón ábhar idirnáisiúnta a bhailigh eaglaisí Mhuir Chairib, agus chomh maith leis sin, an t-ábhar breise atá scríofa ag Meitheal Scríbhneoireachta an CTBI. Is é mo dhóchas agus mo ghuí ná go mbeidh na hábhair seo ina n-ábhar misnigh daoibh agus sibh ag iarraidh páirt a ghlacadh sa saol a cheadaíonn dúinn a bheith mar aon i nDia.

***Bob Fyffe, Rúnaí Ginearálta, CTBI***

## Réamhrá le téama na bliana seo agus cúlra

I gCeantar Mhuir Chairib a cruthaíodh na hacmhainní don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2018. Tá 1.4 milliún Críostaí ina gcónaí i gceantar Mhuir Chairib, ceantar a chuimsíonn éagsúlacht mhór spásanna tíreolaíoch, idir oileán agus mhíntír. Gréasán casta saibhir is ea ceantar Mhuir Chairib ó thaobh na dtraidisiún eitneach, teangeolaíoch agus reiligiúnach, agus éagsúlacht chasta i réim ó thaobh socruithe rialtais agus bunreachta.

Tá an comhthéacs comhaimseartha go mór faoi thionchar stair an choilíneachais a bhain de dhaoine a gcuid féiniúlachta, a gcuid féinmheasa, agus a gcuid saoirse. Bhí dlúthbhaint ag an obair mhisinéireachta leis an gcóras coilíneach, agus tá gach cuma ar an scéal gur thacaigh lucht na misinéireachta leis an gcóras sin san am a caitheadh, á spreagadh agus á chosaint ar feadh an ama. Baineadh úsáid as na scrioptúir ar feadh cúig chéad bliain agus na bundúchasaigh á gcur faoi chois i mórán tíortha. Ach tháinig casadh drámatúil sa scéal, agus bhain na daoine céanna úsáid as na scrioptúir sin



ina dhiaidh sin mar ábhar misnigh agus a gcuid saoirse féin á baint amach acu. Tá Eacsadas 15 anois mar dhuan cathréime ag muintir Mhuir Chairib a aithníonn go raibh lámh ag Dia i ndeireadh a chur leis an sclábhaíocht, agus tá sé anois mar mhóitíf don tSeachtain Ghuí i mbliana. The Right Hand of God atá mar theideal ar an iomann seo, a bhfuil macalla le braistint ann as amhrán Maoise agus Miriam a phléann an saothar atá déanta ag Dia ó thaobh saoirse a bhronnadh ar phobail éagsúla ar fud an domhain, agus tá an t-iomann seo anois mar rosc catha ginearálta ag an ngluaiseacht éacúiméineach sa réigiún.

Dála na nIosraelíteach, bíonn amhrán cathréime á chanadh ag muintir Mhuir Chairib. Tá dúshláin éagsúla fós ag bagairt ar dhínit na ndaoine áfach. Is leis an gcoilíneachas stairiúil is mó a bhaineann na dúshláin seo sa lá atá inniu ann. Go traidisiúnta, brathann geilleagair Mhuir Chairib ar tháirgí a chruthú agus a chur go dtí an margadh Eorpach – uaireanta, ní bhíonn i gceist ach aon táirge ar leith amháin. Ní raibh na pobail riamh féinleor, agus theastaigh iasachtaí airgid ón margadh idirnáisiúnta le go ndéanfaí aon dul chun cinn. Is iad na haisíocaíochtaí a bhaineann leis na hiasachtaí seo anois is cúis leis an laghdú atá tagaithe ar airgead a chaitear ar aon dul chun cinn, agus tá íoróin áirithe sa mhéid sa tslí is gur chun dul chun cinn a dhéanamh a cuireadh an t-airgead ar fáil sa chéad áit.

Cuireann an sliocht a tógadh as Eacsadas ar ár gcumas a thuiscint go mbíonn fulaingt an phobail riachtanach uaireanta le go mbeadh aontacht níos déanaí ann. Ba é an tslí inar tháinig na hIosraelítigh slán ón sclábhaíocht an bhunchéim i dtógaint a bpobail siúd. Cé gur ag Dia a bhí an bunsmaoineamh ó thaobh saorú agus slánú na ndaoine, is meitheal daoine a bhaineann amach a leithéid. Bíonn na Críostaithe rannpháirteach i ministreacht Dé an athmhuintearais, ach táimid fós scartha óna chéile agus cuireann sé seo isteach ar ár misean seo ar domhan a bhfuil cneasú ag teastáil go géar uaidh.

Téann téamaí an ábhair laethúil i ngleic le roinnt de na ceisteanna comhaimseartha a ardaíonn eaglaisí Mhuir Chairib. Saraítear cearta éagsúla daonna ar fud an réigiúin, agus is é an dúshlán atá romhainne ná ár machnamh a dhéanamh ar an tslí ina gcuirimid fáilte roimh strainséirí inár measc. Tá an gháinneáil agus an sclábhaíocht nua-aimseartha ina gceisteanna móra fós. Tá daoine gafa leis an bpornagrafaíocht agus le drugaí, agus is dúshláin mhór a bhíonn ina leithéid do gach sochaí. Cuireann an ghéarchéim airgeadais isteach ar náisiúin go mór ar náisiúin agus ar dhaoine aonair ar aon – agus tá idir gheilleagair phearsanta agus gheilleagair náisiúnta i mbaol anois. Tá saol an teaghlaigh i mbaol de bharr na mbacainní eacnamaíocha éagsúla a chuireann le himirce, drochíde agus foréigean.
Bíonn Eaglaisí Mhuir Chairib ag tarraingt le chéile d'fhonn gach gortú a chneasú i gcorp Chríost. Tá aithreachas, athchóiriú agus cneasú na gcuimhní ag teastáil le go dtiocfadh daoine chun réitigh arís. Glaotar ar gach cuid den Eaglais le bheith ina gcomhartha agus ina ngníomhaire ar son an athrú atá le teacht.






# LÁ 1 AG CUMHDACH NA GCOMHTHÍOCH

## POINTE TOSAIGH

Ba cheart go gcuirfeadh na cineálacha cuimhní a bhaineann le pobal a bhfuil saoirse bainte amach acu brú orainn fáilte a chur roimh an strainséir a thiocfadh inár measc. Tá comparáid le déanamh idir an turas a bhí ag na hIosraelítigh sa tréimhse Bhíobalta agus an turas a bhí ag muintir Mhuir Chairib, ar sclábhaithe a bhformhór ar feadh i bhfad. Cuimhnímid ach go háirithe ar an tslí inar dhaingnigh Dia dínit na ndaoine, agus tá cúram tábhachtach ar eaglaisí an réigiúin ó thaobh a bheith ag meabhrú dá sochaí go bhfuil dualgas orthu sin freisin fáilte a chur roimh theifigh agus roimh dhaoine a cuireadh amach as a gcuid tithe.

| | |
|---|---|
| **Léivític 19.33-34** | An deoraí a chuireann faoi faraibh, bíodh sé mar dhuine de bhur ndúchasaigh agaibh |
| **Sailm 146** | Cumhdaíonn an Tiarna an coimhthíoch |
| **Eabhraigh 13.1-3** | Bhí daoine áirithe ann a raibh aingil ar cuairt acu gan fhios dóibh |
| **Matha 25.31-46** | Bhí mé i mo strainséir agus thug sibh aíocht dom |

## MACHNAMH



Táimid go maith mar gheall go dtugtar grá dúinn,
agus ní de bharr sinn a bheith go maith a thugtar grá dúinn.
Dá mbeadh orainn an grá a thuilleamh,
is baolach nach mór an ghrá a thabharfaí dúinn.
An iomarca gabhar agus gan dóthain de chaoirigh.
Ach tugtar grá dúinn, mar go bhfuil Dia san uile ní,
fiú i nithe ar gránna linn iad agus a gceapaimid fúthu nár chóir iad a lua.
Tugtar grá dúinn,
ach ba mhaith le Dia go dtabharfaimis an grá sin ar ais,
ag tabhairt is ag tógaint,
mar chuid de chomhchaidreamh grá.
Cuireann an grá feabhas orainnn,
coimeádann sé le chéile sinn,
ag freastal ar dhaoine eile.
Is é is ciall le bheith i gcaidreamh le Dia ná a bheith i measc daoine eile,
agus maitheas á déanamh dá bharr.
Aire á tabhairt againn don chruthú,
gan a bheith ag féachaint ar gach aon ní ar nós gur linn féin é.
Is é is ciall leis ná go dtabharfaimis cothrom na Féinne dá chéile, gan a bheith ag teacht i dtír ar dhaoine eile.
Is é is ciall leis ná a bheith ag tabhairt seachas a bheith ag tógaint.
Is é is ciall leis ná a bheith in aice le daoine seachas a bheith ag fáil an lá orthu.
Is é is ciall leis fiú amháin ná fáilte a chur roimh an strainséir inár measc ar eagla go mbeadh sé ina Chríost gan choróin.

## CEISTEANNA

- Cén taithí atá agat ar a bheith i do strainséir?
- Ar thug tú turas ar eaglais eile riamh cheana (ar saoire, b'fhéidir)? Cén saghas fáilte a cuireadh romhat? Conas a bhraith tú?
- Cad iad na dúshláin a bhainfeadh le bheith an-fháiltiúil? Cad iad na rudaí a d'fhágfadh nach mbeadh duine chomh fáiltiúil sin ar fad?

## PAIDIR

a Dhia a bhriseann gach bacainn,
a fháiltíonn roimh an uile chultúr agus dúiche.
Ach coimeád áit ar leith i do chroí ar leataobh,
Don strainséir, don bhaintreach agus don dílleachta.
Bronn orainn tabhartas do Spride,
le go mbeimis ar do nós féin,
ag cur fáilte roimh gach deartháir agus deirfiúr,
do pháistí dile.
Saoránaigh le chéile i ríocht Chríost an cheartais agus na síochána,
Áiméan




## IMIGH AGUS DÉAN

**(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)**

Tá baint ag Comhairle Chairibeach na nEaglaisí le gluaiseacht a thug dúshlán na náisiún a laghdaigh nó a bhain cearta saoránaigh de mhuintir na Háití.

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' lena thuilleadh a fháil amach faoi scéal Milciades agus a chearta a bheith á séanadh sa Phoblacht Dhoiminiceach.

Tabhair cuairt ar 'Imigh agus déan' le teacht ar ábhar eile misnigh, agus breis cabhrach a thabhairt do dhaoine ar fud an domhain a cuireadh amach as a gcuid tithe.



# LÁ 2 CUR I GCOINNE NA SCLÁBHAÍOCHTA

## POINTE TOSAIGH

Déantar gáinneáil ar dhaoine agus is ionann a leithéid agus an sclábhaíocht nua-aimseartha. Conas is féidir dul i ngleic leis seo sa tslí is go gcuirfear deireadh leis? Tá sé seo le feiscint i bhfáthscéal an tSamáraigh mhaith agus sa bhfreagra a thug Pól ar an sclábhaí ar a dtugtaí Onesimus gur féidir deilbh Dé a dhearbhú tríd an ngnás sóisialta a bhriseadh, agus tugann a leithéid dúshlán na rudaí a scarann daoine amach nó a choimeádann i ngeimhle iad. Tá sé den ríthábhacht go mbeadh na Críostaithe ag labhairt amach d'aon ghuth, agus mura dtarraingíonn na Críostaithe le chéile, beidh an sclábhaíocht nua-aimseartha róláidir le go bhféadfaimis dul i ngleic léi.

| | |
|---|---|
| **Geineasas 1.26-28** | Déanaimis an duine ar ár ndeilbh féin |
| **Sailm 10.1-10** | Cad fáth a gcoinníonn tú amach uainn, a Thiarna? |
| **Filéamón** | Ní chun go mbeadh sé ina dhaor agat feasta é ach,<br>rud is fearr ná sin,<br>chun go mbeadh sé ina bhráthair ionúin |
| **Lúcás 10.25-37** | Fáth an tSamáraigh Mhaith |

## MACHNAMH



Ní iníon í, ach dollar,
ní deirfiúr í, ach brábús a buadh,
ní deartháir é, ach saothar saor,
ní teaghlach ar teitheadh ón sceimhle iad,
ach deis le saibhreas a dhéanamh.

Gréasán na mbréag a chuir ceangailte iad,
eagla agus mí-ionramháil a chuir i ngeimhle,
lámha mealltacha a d'ardaigh chun siúil,
geallúintí briste a ghaistigh,
agus séanadh ar deireadh gach díneat.

Croí crua,
barra le baint,
croí tinn,
páiste dil Dé,
croí in airde,
ar thóir na saoirse.

## CEISTEANNA

- Cén chiall atá leis na focail 'gáinneáil ar dhaoine' agus 'sclábhaíocht' duitse?
- Cé chomh mór agus a thugann litir Naomh Pól chuig Filéamón dúshlán na sclábhaíochta?
- Cad é an tábhacht a bhaineann leis na Críostaithe a bheith ar aon fhocal sa tslí ina dtugann siad aghaidh ar éagóracha mar gháinneáil ar dhaoine agus a leithéid?

## PAIDIR

a Dhia cheart agus a Dhia fhíréanta,
stiúraigh tú do phobal amach as an sclábhaíocht,
agus ar aghaidh i dtreo na daonnachta nua,
mar a bhfuiltear mar aon in Íosa Críost, ár dTiarna.
Seol amach le do ghrá iad siúd a dhíoltar mar sclábhaithe
sa lá atá inniu ann.
Tabhair do d'eaglais an chumhacht
an drochobair a dhaoradh agus deireadh a chur léi,
grá agus taise Chríost a chaitheamh,
agus sinn ag friotháilt orthu siúd a d'fhulaing dá bharr.
Áiméan.




## IMIGH AGUS DÉAN

**(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)**

Tá comhnascadh déanta ag Eaglaisí Leasaithe Mhuir Chairib le Comhairle an Mhisean Dhomhanda, agus le Comhairlí Mheiriceá Thuaidh agus Mhuir Chairib don Mhisean um oideachas a chur ar phobail Chríostaithe chun deireadh a chur le gainneáil a bheith á déanamh ar dhaoine.

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' mar a bhfuil fáil ar scéal Sanlapp a chabhraigh le daoine a ndearnadh gáinneáil orthu.

Eagraigh cruinniú idir na heaglaisí i do cheantar agus tabhair cuireadh do chainteoir ó eagraíocht a throideann i gcoinne na gáinneála. Tabharfaidh a leithéid idir eolas agus spreagadh do dhaoine chun a thuilleadh a dhéanamh le deireadh a chur leis an ngeáinneáil. Tabhair cuairt ar 'Go and do' chun a thuilleadh a fháil amach.



# LÁ 3 DÍNEAT DAONNA A CHOSAINT

## POINTE TOSAIGH

Is é an tuiscint a bhíonn de ghnáth againn ar an sclábhaí ná duine a mbeadh slabhraí ceangailte timpeall air agus iachall curtha air a bheith ag obair in aghaidh a thola. Ach tá cineálacha eile sclábhaíochta agus ní go róshoiléir a fheictear na slabhraí a bhaineann leo. Masla uafásach ar dhíneat daonna is ea an phornagrafaíocht, go háirithe nuair is ón idirlíon a thagann sé, agus tá sé chomh dainséarach leis an sclábhaíocht de bharr go ndéanann sé táirge den duine féin, mná, páistí agus daoine óga mar na chéad íobairtí. Iarrtar orainne mar Chríostaithe an díneat daonna a chosaint, an chollaíocht a aithint mar bhronntanas ó Dhia, agus chun a bheith ag troid i gcoinne rudaí a dhéanfadh dochar don díneat agus do gach bronntanas eile.

| | |
|---|---|
| **Eacsadas 3.4-10** | D'fhuascail Dia amach as lámha na nÉigipteach iad |
| **Sailm 24.1-6** | a Thiarna, is sinne an dream a chífidh d'aghaidh |
| **1 Corantaigh 6.9-20** | Tugaigí glóir do Dhia le bhur gcorp |
| **Matha 18.1-7** | Is mairg don duine a dtagann an scannal tríd |


## MACHNAMH


Tá an áilleacht i súile an duine, agus nochtann grá gnaoi,
deir siad é;
ach cad mar gheall orthu san
gur cuma leo an áilleacht?

Agus maidir leis an rós, is cuma an t-ainm a thabharfá air,
is féidir é a phiocadh róluath,
roimh bhláth dó;
sula scaoilfí leis na duilleoga deasa in aon chor,
agus iad ag titim anois ina bhfiailí.

Aoibhneas i ngeimhle,
i lámha a dhéanann dóibh féin.
Nítear lámha,
ach ní chomh bog sin a bhaintear,
smál na náire arís díobh.

Aoibhneas á láimhséail
go cúramach;
tá luach air.
Glantar deora,
castar na boird
inár dteampaill;
agus cá bhfuil lámh Dé,
sa mhéid seo ar fad?






## CEISTEANNA

- Cén chiall atá leis na focail ‘pornagrafaíocht’ agus ‘teacht i dtír’ dar leatsa?
- Cad iad na slite ina ndéanann an t-idirlíon, na meáin shóisialta, agus cineálacha eile teicneolaíochta sclábhaithe dínn?
- Conas is féidir an díneat daonna a chosaint sa lá atá inniu ann?

## PAIDIR

a Dhia na háilleachta,
ar do dheilbh féin a chruthaigh tú sinn,
agus is é do chuid uaignis féin a chuir tú ionainn,
inár gcur beagán faoi bhun na n-aingeal.
Saor sinn ó bheith ag teacht i dtír
ar choirp a chéile.
Ar mhaithe le Críost,
a tháinig chun feola agus a rialaigh in airde a réime.
Múinn dúinn
gur sacraimintí de chuid an ghrásta atá inár gcoirp,
agus soithí ár n-áilleachta.
Áiméan.






## IMIGH AGUS DÉAN

**(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)**

Tá ceist na pornagrafaíochta, ar líne go mór mhór, ina cnámh spairne anois ag mórán eaglaisí Críostaí i gceantar Mhuir Chairib.

Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan d’fhonn eolas a fháil faoi ghrúpaí tacaíochta um andúil i ndrugaí i do phobal. Fiosraigh agus pléigh i do ghrúpa beag eaglaise nó i do chumann do staidéar an Bhíobla áitiúil cén áit inar féidir a bheith ag breathnú ar cheist an choirp ar shlí dhearfach iomlánaíoch laistigh d’ár gcultúr féin, .i., dánlanna agus a leithéid. D’fhéadfadh sibh mar shampla leabhar a léamh le chéile a théann i ngleic le dearcadh dearfach a fháil ar an gcorp, .i., ‘Body’ le Paula Gooder.

# LÁ 4 AN FORÉIGEAN A SHÁRÚ

## POINTE TOSAIGH

Ní féidir le haon deisceabalacht Chríostaí an foréigean a sheachaint ar fad sa saol seo. Tugann formhór na gcreideamh le fios go bhfuil siad i gcoinne an fhoréigin, mar shampla. Ach glaotar mar sin féin ar eaglaisí chun aontachta mar chuid de mhisean Dé agus chun Soiscéal an Dóchais a chraobhscaoileadh. Soiscéal is ea é seo gur féidir a fhógairt ina measc siúd a bhíonn thíos le cogadh droinge nó eagla a bheith orthu roimh an bhforéigean.

| | |
|---|---|
| **Íseáia 9.2-7a** | Níl teorainn lena thiarnas ná críoch lena shíocháin |
| **Sailm 34.1-14** | Bí ag lorg na síochána agus lean di |
| **Apacailipsis 7.13-17** | Glanfaidh Dia an uile dheoir dá súile |
| **Eoin 14.25-27** | Fágaim síocháin agaibh |

## MACHNAMH




Ar muir is ar tír,
is é an foréigean is toradh le foiréigean;
(‘cam in aghaidh an chaim…’)
agus téann drochíde, dúnmharú, éigniú,
(‘cor in aghaidh an choir….’)
isteach sa ghnáthshaol,
coirp déagóirí curtha ó mhaith,
comharsanachtaí iomlána faoi ionsaí,
saol daoine á scriosadh –
sa bhaile.
(‘á mbascadh in éadan na carraige’?)

Feicimid.
Tuigimid,
agus screadaimid: “I gcuntais Dé. Íosa Críost na bhFlaitheas. Stop

Síneann lámh Dé isteach i láthair an tinnis, agus é mar scéal aige:
‘Compord a bheirimse, ceartas, agus cothrom na Féinne,’
agus cuimhnímid ar an méid seo:
gur i bhfolach ag an bhforéigean;
gur faoi cheilt ag pobail tiúbhalla ,
gur faoi bhun dromchla an ídéalachais oileándalie
a thiocfar ar fhoinsí doimhne áilleachta,
atá feicthe agus aitheanta,
ag Dia ár lóchrainn.



Tá tábhacht shacraimintiúil leis an uile bheatha
agus tá luach as cuimse orthu go léir,
ach líontar amach iad
i lámh chneasaithe Dé.

Creidimidne,
gur áit í párthas na neimhe,
atá chomh cóngarach dúinn agus
atá faobhar na taoide ar ár gcóstaí,
nach ann
  don ocras
  don tart
  do dhó na beatha,
  ná don rualoisceadh.

Glantar ár ndeora anso uainn.
Faigheann ár gcoirp bhochta thuirseacha,
spreagadh ó uisce na beatha,
a ritheann ar uachtar an talaimh.

## PAIDIR

a Dhia an athmhuintearais,
is léir dúinn ó lámha tollta Chríost,
go bhfuil plean agat don tsíoraíocht.
Iarrann tú orainn a bheith inár
  gcomharthaí síochána,
i láthair an fhoréigin agus i lár an
  éadóchais.
Go raibh Críost ionainn go léir,
go gcaithfimis agus go gcaithfí sinn,
laistigh de mhinistreacht a
  athmhuintearais.
Áiméan.



## CEISTEANNA

- Ar bhraith tú riamh faoi bhagairt in áit a bhí sábháilte roimhe sin duit?
- Cad é a chuireann imní ort maidir le foréigean agus coiriúlacht a bheith ag méadú i do cheantar?
- Cén t-ábhar dóchais atá le fógairt ag Críostaithe os comhair an tsaoil mhóir atá faoi shíorbhagairt an fhoréigin?

## IMIGH AGUS DÉAN

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Fadhb is ea an foréigean laistigh de Mhuir Chairib, agus iarrtar ar eaglaisí a bheith ag cabhrú leis an bhfadhb seo a réiteach.

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' lena thuilleadh a fháil amach faoin scéal atá laistiar de na grianghrafanna a thógann daoine ar laethanta saoire.

Déan teagmháil leis an ionad Chúnamh do Mhná is cóngaraí chun fáil amach an bhfuil aon rud ar leith atá ag teastáil uathu i láthair na huaire, agus eagraigh bailiúchán idir na heaglaisí ar fad sa cheantar.

Caith éadaí dubha Déardaoin d'fhonn dlúthpháirtíocht a léiriú leo siúd a d'fhulaing éigniú agus foréigean sa bhaile. Tabhair cuairt ar 'Go and Do' chun a thuilleadh a fháil amach.

## DÁTAÍ

Ón 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir de ghnáth a bhíonn an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí ar siúl (féile ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanta eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincíse go mórmhór, ar dáta tábhachtach é d'aontacht na heaglaise.

## ORDÚ SEIRBHÍSE

Is feidir an t-ordú seirbhíse atá le fáil i lár an phaimfléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más mian libh. Is féidir, leis, gach acmhainn a tharraingt amach as suíomh idirlín, agus tá fáilte roimh aon duine iad a athrú nó a chur in oiriúint don úsáid áitiúil. Ní mór aitheantas a thabhairt áfach do Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire mar fhoinse don ábhar.

## FALLA NA HAONTACHTA CRÍOSTAÍ

Cuir sonraí agus grianghraif a bhaineann le bhur gcuid imeachtaí chuig 'falla' na haontachta Críostaí ar www.weekofprayer.org nó trína a chur go dtí an haischlib Twitter #wpcuwall. Is féidir na póstálacha a fheiceáil a luaithe agus a chuirtear chughainn iad (bíonn moill bheag ann de ghnáth).

## ADHRADH SAORFHOIRME

Tá scríbhneoirí ábhar WPCU 2018 tar éis acmhainn bhreise a chur ar fáil i mbliana agus is féidir í seo a íoslódáil ag www.ctbi.org.uk/weekofprayer. Tá an tAdhradh Saorfhoirme simplí le húsáid, tá sé ar fáil mar thaispeántas PowerPoint, agus baineann sé leas as roinnt den ábhar sa phríomhsheirbhís chomh maith.



# TÚS Á CHUR LEIS AN TSEIRBHÍS ADTHARTHA


Íomhá © Tonya Fitzpatrick, World Footprints (http://WorldFootprints.com). Gach ceart ar cosaint.

*Is glórmhar cumhacht í do dheaslámh, a Thiarna (Eacs 15:6)*

# TIONÓL

## Amhrán

***Tiocfaidh lucht stiúrtha an adhartha isteach nuair a bheidh an t-amhrán seo á chanadh. Os a gcomhair amach beidh duine ar leith agus Bíobla ar iompar aige agus cuirfidh sé an Bíobla in áit chun tosaigh ar fad.***

## Focal Fáilte

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost, grá Dé,
agus comhbhráithreachas an Spioraid Naomh libh go léir.
**Agus leat féin.**

Táimid anseo lenár mbuíochas a chur in iúl as na rudaí maithe ar fad atá déanta ag Dia ar son na nEaglaisí Críostaí uile ar fud an domhain. Roinnimid le heaglaisí Mhuir Chairib an taithí atá again ar fad ar an daorsmacht, ar an gcoilíneachas agus ar an sclábhaíocht. Déanfaimid ceiliúradh chomh maith ar na scrioptúir a d'athraigh a saol ó bhonn tríd an teachtaireacht a bhí le fáil iontu ar obair fuascailte Dé.
Cheadaigh grásta Dé dóibh slabhraí na sclábhaíochta a mhalartú le ceangail dhaonna nua an ghrá agus an chomhphobail.
Go labhraí Dia linn trí mheán a dtaithí sin.

# GAIRM AN SPRIORAID NAOIMH

***Is féidir na freagraí a bhaineann leis an ngairm seo a chanadh.***

Bailigh do chuid searbhóntaí faoi bhrat na haontachta.
**Téanam, a Spioraid Naomh!**

Múinn dúinn conas guí a dhéanamh.
**Téanam, a Spioraid Naomh!**

Saor sinn ó oilc na sclábhaíochta.
**Téanam, a Spioraid Naomh!**

Cabhraigh linn nuair a lagaítear sinn.
**Téanam, a Spioraid Naomh!**

Bímís mar pháistí arís de do chuid.
**Téanam, a Spioraid Naomh!**



### Amhrán molta

## PAIDREACHA AN ATHMHUINTEARAIS

Glaonn Dia sinn chun saoirse i gCríost. Ní spiorad na sclábhaíochta ná na heagla atá faighte againn ach ballraíocht ina theaghlach. Bímid i ngeimhle fós ag seanpheacaí agus sean-nósanna fós, agus mar sin is gá a bheith ag guí agus ag glaoch ar chumhacht slánaithe Dé.

(Is féidir íomhánna PowerPoint a fháil sna hacmhainní breise ar líne atá ar fáil ag www.ctbi.org.uk/weekofprayer)

Fillfimid uaireanta ar sheanpheacaí a bhaineann de dhíneat daoine eile, ach maith dúinn é.
Kyrie eleison.
**Kyrie eleison.**

Maith dúinn nuair a chuireann na cinní a dhéanaimid leis an sclábhaíocht agus leis an mbochtanas.
Christe eleison.
**Christe eleison.**

Maith dúinn nuair a scarann eagla agus amhras óna chéile sinn agus teorainneacha á gcur le dóchas agus le cneasú dá bharr sin.
Kyrie eleison.
**Kyrie eleison.**

***Is féidir an maithiúnachas a dheimhniú ag an bpointe seo***

## BRIATHAR DÉ A FHÓGAIRT

***Eacsadas 15:1-17***

Ansin is ea a chan Maois agus clann Iosrael an laoi seo a leanas in onóir an Tiarna: Canfaidh mé don Tiarna; rug sé an bua le barr glóire! Chaith sé i bhfarraige idir each agus charbadóir. An Tiarna mo neart, mo dhán; eisean mo shlánú. Eisean mo Dhia, agus molfaidh mé é. Dia m'athar, agus móraim é! Fear faobhair an Tiarna! An Tiarna a ainm. Threascair sé carbaid Fhorainn agus a shlua san fharraige; d'fhág sé togha a mharcach báite i Muir na nGiolcach. Chlúdaigh na tuilte iad; chuadar go tóin poill mar a dhéanfadh cloch. Is glórmhar cumhacht í do dheaslámh, a Thiarna; rinne do dheaslámh, a Thiarna, smidiríní den namhaid. Le neart do mhórgachta, rinne tú lucht d'ionsaithe a threascairt; scaoil tú le fraoch d'fheirge agus d'alp sé iad mar choinleach. Le sraoth do pholláirí rinne cnocáin de na huiscí agus sheas na tonnta mar chlaí; dhlúthaigh na haigéin i gceartlár na mara.

'Rachaidh mé sa tóir orthu, agus béarfaidh mé orthu,' arsa an namhaid. 'Déanfaidh mé an chreach a dháil; sásófar mo chroí léi. Tarraingeoidh mé mo chlaíomh, agus scriosfaidh mo dheaslámh iad.' Shéid tú anáil, agus d'iaigh an fharraige

orthu. Chuadar faoi mar luaidhe sna huiscí gáifeacha. Cé is cosúil leat ar na déithe, a Thiarna? Cé is cosúil leat, a Thiarna, le mórgacht do naofachta le huafás d'éachtaí glórmhara agus leis na hiontais a chuireann tú i gcrích? Shín tú amach do dheaslámh agus shlog an talamh iad. Threoraigh tú le teann grá an pobal a d'fhuascail tú; rinne tú eolas dóibh le do neart chun d'áitribh naofa.

Ar a chlos seo dóibh, tháinig ballchrith ar na ciníocha; chuaigh áithritheoirí na Filistíne i gceas naíon. Tháinig suaitheadh ar phrionsaí Eadóm; bhí greim ag an gcreathán ar cheannairí Mhóá; d'imigh leá ar áithritheoirí Chanán go léir. Tháinig scéin agus scanradh orthu; mar gur thréan í do lámh, bhíodar gan cor astu dála na cloiche; go ndeachaigh do phobal thar bráid, a Thiarna; go ndeachaigh an pobal a d'fhuascail tú thar bráid. Thug tú isteach iad agus shuigh tú iad ar do shliabh féin, san áit dá ndearna tú d'áitreabh, an sanctóir a dhealbhaigh do lámh.

**Buíochas le Dia.**

***Sailm 118: 5-7, 10-24***
***D'fhéadfaí an Salm a chanadh***

***Rómhánaig 8:12-27***
Ar an ábhar sin, a bhráithre, níl aon cheangal ag an gcolainn orainn go mairfimis dá réir. Más faoi réir na colainne a mhaireann sibh tá an bás i ndán daoibh; ach má bhásaíonn sibh gníomhartha na colainne le cúnamh an Spioraid, mairfidh sibh beo. Mar an mhuintir a mbíonn Spiorad Dé á dtreorú is clann ag Dia iad. Óir, an spiorad a fuair sibh ní spiorad na daoirse é chun eagla a chur oraibh athuair ach spiorad na clainne trína nglaoimid "Abba! Athair."

Dearbhaíonn an Spiorad féin dár spioradna gur clann Dé sinn; agus, más clann sinn, is oidhrí sinn chomh maith, oidhrí Dé agus comhoidhrí le Críost, ós rud é go bhfuilimid páirteach leis ina pháis, le hionchas a bheith páirteach leis ina ghlóir chomh maith. Measaim nach fiú le háireamh pianta na huaire seo le hais na glóire atá le foilsiú dúinn. Mar tá an dúlra féin ag tnúth go díocasach le foilsiú chlann Dé. Cuireadh an dúlra freisin ó rath, ní dá dheoin féin ach mar gheall ar an té úd a chuir ó rath é, ach i ndóchas; mar fuasclófar an dúlra féin ó dhaoirse na truaillitheachta, chun saoirse ghlórmhar chlann Dé. Is eol dúinn go ráibh an chruthaíocht go léir le chéile go dtí anois ag cneadach le tinneas mar a bheadh sí ar a leaba luí seoil. Agus ní hé an dúlra amháin atá amhlaidh ach sinne féin chomh maith; cé go bhfuil céadtorthaí an Spioraid againn cheana féin, táimidne ag cneadach freisin inár gcroí istigh agus sinn ag feitheamh le go ndéanfar clann dínn, agus go mbeidh ár gcorp fuascailte. Le dóchas a slánaíodh sinn.
Ach an dóchas a fheictear ní dóchas é feasta, mar conas a bheadh duine ag tnúth le rud a bheadh ina fhianaise? Ach ó táimidne ag súil le rud nach bhfeicimid táimid ag feitheamh go foighneach. Ar an gcuma chéanna tagann an Spiorad i gcabhair

orainn inár laige. Mar ní eol dúinn conas an ghuí féin a dhéanamh mar is cóir ach déanann an Spiorad idirghuí ar ár son le hosnaí nach féidir a chur i bhfocail, agus an té úd a chiorann na croíthe, tuigeann sé cad is áil leis an Spiorad agus gur de réir toil Dé a dhéanann sé achainí ar son na naomh.

**Buíochas le Dia.**

*D'fhéadfaí amhrán molta a chanadh roimh an Soiscéal agus ina dhiaidh; d'fhéadfaí iomainn a chanadh freisin, nó ceol a chasadh.*

***Marcas 5:21-43***
***D'fhéadfaí leagan dramatúil de seo a léamh***

Ar theacht trasna do Íosa sa bhád go dtí an taobh eile, bhailigh slua mór ina thimpeall, agus bhí sé le hais na farraige. Tháinig duine de chinn urra na sionagóige, arbh ainm dó Iáras, agus ar a fheiceáil dó, chaith sé é féin ag a chosa 23agus rinne achainí go crua air ag rá: "Tá m'iníon bheag ar phointe an bháis. Tar agus cuir do lámha uirthi chun go mbeadh sí slán agus go mairfeadh." D'imigh sé lena chois agus bhí slua mór á leanúint agus bhí siad ag plódú air.

Agus bean a raibh rith fola uirthi ar feadh dhá bhliain déag, agus a bhí tar éis mórán a fhulaingt óna lán lianna agus a raibh aici a chaitheamh, agus nárbh fhearrde í é, ach gur mhó a bhí sí ag dul in olcas, nuair a chuala sí scéala mar gheall ar Íosa, tháinig sí taobh thiar de sa slua agus bhain sí lena bhrat; mar dúirt sí: "Má bhainim lena chuid éadaigh fiú amháin, beidh mé slán." Agus stad an doirteadh fola aici láithreach, agus mhothaigh sí ina corp go raibh sí leigheasta óna gearán. Ach d'airigh Íosa ann féin go ndeachaigh brí amach uaidh, chas sé timpeall láithreach sa slua agus dúirt: "Cé bhain le mo chuid eádaigh?" Dúirt a dheisceabail leis: "Feiceann tú an slua ag plódú ort, agus deir tú cé a bhain liom?'" Agus dhearc sé ina thimpeall féachaint cé rinne é. Ach ó thuig an bhean cad a bhí déanta inti, tháinig sí go critheaglach agus chaith í féin síos roimhe agus d'inis an fhírinne go léir dó. Dúirt sé léi: "A iníon, do chreideamh a shlánaigh thú. Imigh leat faoi shíocháin, agus bí slán ó do ghearán."

Le linn dó bheith ag caint tháinig daoine ó theach cheann urra na sionagóige ag rá: "Tá d'iníon tar éis bháis; cén fáth a mbeifeá ag cur as don Mháistir níos mó?" Ba chlos d'Íosa an comhrá agus dúirt le ceann urra na sionagóige: "Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid." Agus ní ligfeadh sé do dhuine ar bith dul leis ach Peadar agus Séamas agus Eoin deartháir Shéamais. Ar theacht dóibh go dtí teach cheann urra na sionagóige, chonaic sé an callán agus na daoine ag gol agus ag olagón go hard. Agus ar dhul isteach dó dúirt sé leo: "Cén fáth a bhfuil sibh ag déanamh calláin agus ag gol? Ní marbh atá an leanbh ach ina codladh." Agus bhí siad ag fonóid faoi. Ach chuir sé amach iad uile, agus rug sé leis athair agus máthair an linbh agus iad seo a bhí leis, agus chuaigh isteach mar a raibh an leanbh ina luí. Agus rug sé greim láimhe uirthi agus dúirt léi: "Talitá cúm" – focal a chiallaíonn: "A chailín bhig, deirim leat, éirigh!" D'éirigh an cailín agus shiúil sí thart, mar bhí sí dhá

bhliain déag. Agus bhí ionadh agus alltacht orthu. Ach chuir sé mar acht orthu go crua gan a fhios seo a bheith ag aon duine, agus dúirt rud le hithe a thabhairt di.
Éist, agus saorfar cách.
**Buíochas le Dia.**

## HOMAILE / SEANMÓIR / MACHNAMH

***Creideamh na nAspal (nó d'fhéadfaí an dearbhú creidimh a dhéanamh ar shlí éigin eile)***

Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talún,
agus in Íosa Críost, a aonmhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh on Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh,
a d'fhulaing páis faoi Phontius Píoláit,
a céasadh ar chrois, a fuair bás agus a adhlacadh,
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh,
a chuaigh suas ar neamh,
atá ina shuí ar dheis Dé,
an tAthair uilechumhachtach,
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomh-Eaglais Chaitliceach, i gcomaoin na naomh;
i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne, agus sa bheatha shíoraí.
Áiméan.

## Iomann

***Ba í Doreen Potter a chum an t-iomann do Chomhdháil Mhuir Chairib go mór mhór, agus tá ceangal fada aici le Gluaiseacht Éacúiméineach Mhuir Chairib. Is féidir comhad fuaime agus sonraí ó thaobh cén áit inar féidir teacht ar cheol mar é a fháil ag www.ctbi.org.uk/weekofprayer.***

Tá lámh dheis Dé,
ag scríobh ar ár dtalamh;
le cumhacht agus le grá;
tá taifead á dhéanamh dár gcoimhlint agus dár n-eagla,
ár mbuanna agus ár ndeora,
ag lámh dheis Dhé.

Tá lámh dheis Dé,
ag glanadh ár dtalún.
Ag glanadh formaid, sainte agus fuatha;

Ár leithleachas agus ár ndrúis,
ár ndrochbhearta agus ár mbród,
iad go léir á ghlanadh ag lámh dheis Dé.

Tá lámh dheis Dé,
ag tógaint ár dtalún,
ag tógaint an té a thit,
aithne ainm ar chách,
iad á thógaint ó náire,
ag lámh chúnta dheis Dé.



Tá lámh dheis Dé,
ag cneasú ár dtalún.
Ag cneasú idir chorp, intinn agus anam;
Chomh galánta faoi do mhéar,
le grá atá chomh tábhachtach.
Nuair a chneasófar sinn
faoi lámh dheis Dé.

## PAIDREACH NA NDAOINE

Cuirimid ár gcuid riachtanas faoi chúram an Tiarna.

***Daoine éagsúla a léifidh gach ceann de na hidirghuíonna. Beárfaidh na léitheoirí ar lámha bhaill éagsúla an tionóil nuair a chríochnóidh siad, slabhra daonna á chruthú.***

a Dhia an Eacsadais, thug tú do phobal trasna na Mara Rua agus amach as an sclábhaíocht go dtí an tsaoirse. Saor sinn ón uile chineál sclábhaíochta agus ó gach a chuireann isteach ar dhíneat daonna.
**Treoraigh le do láimh sinn, i dtreo is go mairfimis.**

a Dhia na líonmhaireachta, cuireann tú gach rud a bheadh ag teastáil uainn ar fáil dúinn. Cabhraigh linn an leithleachas agus an tsaint agus bronn orainn an chrógacht le bheith ag gníomhú ar son an cheartais ar domhan.
**Treoraigh le do láimh sinn, i dtreo is go mairfimis.**

a Dhia an ghrá, is ar do dheilbh féin a chruthaigh tú sinn, agus is i gCríost a shlánaigh tú sinn. Tabhair dúinn an neart le grá a léiriú dár gcomharsain agus le fáilte a chur roimh an strainséir.
**Treoraigh le do láimh sinn, i dtreo is go mairfimis.**

a Dhia an chúnaint, fanann tú dílis dúinn fiú nuair a théimid ar sheachrán an fhoréigin. Cuir croí nua agus spiorad úr isteach ionainn le go mbeimis inár ngiollaí de chuid na síochána.
**Treoraigh le do láimh sinn, i dtreo is go mairfimis.**

a Dhia an ghlóire, trí Íosa Críost, a d'ísligh tú tú féin agus a chuir tú féin isteach inár scéalsa. Chuaigh tú in aontíos le teaghlach daonna, páistí de do chuid á ndéanamh agat dínn. Cabhraigh linn a fhanacht dílis dár dteaghlaigh agus dár bpobal sa tslí is go mbeimis mar son i gCríost.
**Treoraigh le do láimh sinn, i dtreo is go mairfimis.**

a Dhia na Tríonóide, cuireann tú mar aon sinn leat féin agus lena chéile. Saor sinn ón méféineachas, ón sotal, agus ón eagla a chuireann isteach ar aontacht fheiceálach d'eaglaise.
**Treoraigh le do láimh sinn, i dtreo is go mairfimis.**

## PAIDIR AN TIARNA

Cuirimis ár lámha le chéile, iad á gceangal lena chéile ag grá Chríost a líon ár gcroí seachas na slabhraí, agus guímis dár nAthair thuas sna focail a mhúin Íosa dúinn.

***Is féidir Paidir an Tiarna a chanadh nó a rá ar an tslí is fearr a oireann do bhur gcomhthéacs féin.***

Ár n-Athair….

***D'fhéadfaí amhrán cáiliúil a chanadh a cheiliúrann an aontacht.***

***Malartaíonn cách Comhartha na Síochána lena chéile tar éis an amhráin.***

## COIMISIÚNÚ

Ba é Dia a shlánaigh agus a d'aontaigh in aonchorp Chríost sinn, agus le cumhacht an spioraid a rachaimid amach sa saol ina dhiaidh sin.

**Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.**
**Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht,**
**ag fógairt a scaoilte do bhránna agus aiseag a radhairc do dhaill;**
**ag scaoileadh lucht géarbhroide saor; ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna**
**Áiméan! Alleluia!**

*Lúcas 4: 18-19 (An Bíobla Naofa)*

*Amhrán/Iomann*

**Tógadh na sleachta bíobalta ó An Bíobla Naofa, cóipcheart 1981, le caoinchead ó An Sagart.**

# NÓTA BUÍOCHAS

## Scríbhneoirí CTBI WPCU 2018

Bíonn Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire (CTBI) ag obair i bpáirt le scríbhneoirí éagsúla ó na ceithre náisiún chun an t-ábhar seo a chur faoi bhur mbráid. Ta liosta déanta againn dár gcuid comhghleacaithe a chabhraigh linn an gaisce seo a chur i gcrích sa bhliain seo 2018.

- ✝ an tUrramach Dr. Adrian Burdon, Modhnóir grúpa scríbneoirí CTBI WPCU agus ardmhinistir, Craobh South Fylde na hEaglaise Meitidistí
- ✝ an tUrramach Peter Colwell, Leas-Rúnaí Ginearálta, CTBI;
- ✝ an tUrramach Dr. David Cornick, Rúnaí Ginearálta Churches Together in England (CTE);
- ✝ Bob Fyffe, Rúnaí Ginearálta, CTBI;
- ✝ Ruth Harvey, Stiúrthóir Place for Hope, Church of Scotland, ministir agus ball de Chreideamh-Chumann na gCairde;
- ✝ Philip Mellstrom, Oibrí Forbartha Adhartha, Eaglais na hAlban;
- ✝ An tUrramach Dr. Adrian Morgan, Leas-Shéiplíneach Gorseinon i ndeoise Swansea agus Brecon agus Séiplíneach i gColáiste Gower in Swansea;
- ✝ An Canónach oirmhinneach Dr. Daniel Nuzum, Séiplíneach an ospidéil , Eaglais na hÉireann;
- ✝ Dr. Siôn Aled Owen, Seirbhí teanga Geirda;
- ✝ Patricia White, ball tuatach d'Eaglais Bhaisteach Brixton (Londain) agus iontaobhaí CTBI;
- ✝ Wendy Young, Oifigeach Acmhainní Eaglaise, Cúnamh Críostaí



# CREIDIÚINTÍ ÍOMHÁ

Príomhleathanach: Running Through History – íomhá © Tonya Fitzpatrick, World Footprints (http://WorldFootprints.com)
Buntásc reatha ar Laethanta_Slave memorial de L'anse Caffard, Martinique shutterstock©Judith Lienert_ chomh maith lth. 22
Sruth ildaite tríd shutterstock©magnia + ©Sonya illustration + ©wikki + ©AngelinaKo
Lth. 3 Crainn pailme shutterstock©Asmus Koefoed / shackles shutterstock©Konstanttin / A21 Feachtas shutterstock©John Gomez / coffee plantation shutterstock©Marzolino
Lgh. 4-5 Gan slabhra shutterstock©Jacob_09 / slave memorial shutterstock©redfrisbee / Cosainteoir na ndeartháracha shutterstock©Everett Historical / Christian Aid Milciades Yam
Lgh. 6-7 lámh chúnta shutterstock©Bignai /trafficking graphic©ria_airborne / CS-Human-Trafficking-Resource_15-9-14-2
Lgh. 8-9 colláis na ndaoine shutterstock©Rawpixel.com / buachaill óg shutterstock©Blacqbook / wiring shutterstock©Vasilius
Lgh. 10-11 cailín óg shutterstock©271 EAK MOTO / Million Women Rise (MWR) rally, Londain Márta 2017, John Gomez
Lth. 12 Bá na Fionnachttana David Palladini/McLeod
Lth. 21 Léarscáil Mhuir Chairib shutterstock©pASob
Lth. 23 cros shutterstock©martiin_fluidworkshop/butterfly shutterstock©PhotoStocker
Lth. 24-25 fear gan dídean shutterstock©JBKC / veicteoir na dteifeach shutterstock©Seita /church shutterstock©Michaela Steininger
Lgh. 26-27 foireann thearmann na ndaoine gan dídean shutterstock©Monkey Business Images / crowd shutterstock©Arthimedes
Lgh. 28-29 béile teaghlaigh shutterstock©Monkey Business Íomhánna /spicyface shutterstock©AJCespedes / Muire, Iósaf agus Íosa shutterstock©Thoom / Burgair shutterstock©bonchan / glasraí agus torthaí shutterstock©ryby
Lgh. 30-31 míreanna mearaí shutterstock©Misunseo / slabhra páipéir shutterstock©kanusommer
Lth. 32 cros shutterstock©Leigh Prather





# LÁ 5 AR THÓIR AN CHEARTAIS EACNAMAÍOCH

## POINTE TOSAIGH

Ní raibh geilleagair Mhuir Chairib riamh ábalta a bheith ag déanamh dóibh féin sa saol mar gheall oidhreacht na sclábhaíochta agus an choilíneachais. Tá siad tar éis a bheith ag brath ar iasachtaí a fháil ó mhargaí idirnáisiúnta chun dlús a chur le haon dul chun cinn eacnamaíoch, agus cuireann sé seo isteach ar na daoine is boichte sa tsochaí ó thaobh cúrsaí iompair, sláinte, agus oideachas de. Iarrtar ar an Eaglais guthanna na mbocht a chloisteáil go minic, ach is minic a mhúchtar an guth fáidhiúil úd mar gheall ar easaontacht na hEaglaise. Tá aontacht na gCríostaithe ina chuid riachtanach den sprioc atá ag an eaglais a bheith ag obair ar son na ndaoine.

**Deuteronomy 1.19-35** Beidh an Tiarna bhur nDia ag gabháil romhaibh amach agus é féin ag troid ar bhur son

**Sailm 145.9-20** Tacaíonn an Tiarna lena mbíonn ag titim

**Séamas 1.9-11** Ísleofar an fear saibhir mar rachaidh sé ar ceal ar nós bhláth an fhéir

**Lúcas 18.35-43** A Íosa, a mhic Dháiví, bíodh trua agat dom!

## MACHNAMH



Níl aon aga agam ar éisteacht le haon rud ón taobh
thall d'fhothram an tslua,
méileach gan éifeacht ar bun ag bacach éigin.
Níl ann ach bráca.
Tá rudaí níos tábhachtaí ar m'aigne.
Pleananna le déanamh.
Stádas le cosaint.

Is sceirdiúil é an gort,
bláthanna ag dul i léig faoin gcois ann.
Tiocfaidh Dia lá éigin,
agus barraí á leathadh ó lámh na féile aige,
móinéar an dóchais úir á dhéanamh aige,

féasta do na súile a bhí dall tamall.



## CEISTEANNA

- Cén obair a dhéanann tusa i gcomhar le Críostaithe eile ó thaobh ceisteanna sóisialta de?
- Conas mar a chuirtear leis an aontacht Chríostaí nuair nuair a bhíonn eaglaisí éagsúla ag comhoibriú le chéile ó thaobh ceisteanna sóisialta de.
- Cén fhorbairt atá déanta ar an bhfáidheadóireacht? Cad is féidir a fhoghlaim as seo?



## PAIDIR

a Dhia na mbocht agus na ndaoine a díbríodh,
cloisfidh tú screadanna ó lucht do dhrochmheasa.
Féachfaidh tú le fonn ar na daoine is ísle,
agus tarraingeoidh anuas na boic mhóra óna ríchathaoireacha.
Cloisfidh tú sinn ag guí leo sin ar cuireadh ina dtost iad,
agus cloisfidh tú sinn ag léirsiú ar a son siúd a cuireadh amach
go dtí an t-imeall, agus seasfaimid leo sin.
Go dtagaimid chun na haontachta seo a iarrann tú orainn.
In ainm Chríost.
Áiméan.

## TÉIGH AGUS DÉAN

**(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)**

*Tá Comhdháil Mhuir Chairib na nEaglaisí chun tús a chur le tionscnamh a thabharfaidh aghaidh ar ghéarchéim an fhiachais, ar bhonn áitiúil agus buíochas lena gcuid líonraí ar fud an domhain, cuirfidh siad i gcoinne an bhochtanais go idirnáisiúnta chomh maith.*

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' le fáil amach faoi conas a chuir scéim fhaoiseamh ó fhiachas go mór le saol feirmeora amháin.

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' lena fháil amach faoi fheachtas fiachais na hIubhaile, agus cén tslí inar féidir libhse mar eaglaisí aontaithe rud éigin a dhéanamh mar chuid den ghluaiseacht dhomhanda ó thaobh slabhraí an fhiachais a bhriseadh.

## POINTE TOSAIGH

Tá daoine ó Mhuir Chairib ag obair thar lear, agus cuireann siad roinnt dá dtuilleann siad abhaile chuig a muintir, ach bíonn sé seo níos casta do mhuintir Mhuir Chairib de bharr na n-athruithe a tháinig isteach mar gheall ar rialacha nua sa bhaincéireacht idirnáisiúnta. Bíonn tionchar diúltach ag a leithéid ar cheantar Mhuir Chairib agus cruatan breise eacnamaíoch ar go leor teaghlach. Bhunaigh eaglaisí an cheantair líonra Comharchumann Creidmheasa chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Tá a leithéid de chur chuige oiriúnach do dhaoine bochta ach go háirithe, agus tá sé oiriúnach ó thaobh mhianta Dé chomh maith: bíonn lámh dheis Dé ag gníomhú de shíor ar son na ndaoine bochta seachas na boic mhóra. Glaotar ar Chríostaithe ó gach áit ar domhan a saol a chaitheamh gan beann ar dheighiltí an Tuaiscirt agus an Deiscirt agus ár ndaonnacht a fhógairt le chéile.

| | |
|---|---|
| **Íseáia 25.1-9** | Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn |
| **Sailm 82** | Cosnaígí an daibhir agus an dílleachta |
| **Filipigh 2.1-4** | Ná bíodh aon duine agaibh ag cuimhneamh ar a leas féin amháin ach ar leas na gcomharsana chomh maith |
| **Lúcas 12.13-21** | Bígí ar bhur gcoimeád go haireach ar an uile shórt sainte |

## MACHNAMH

Chughainn nó uainn,
sin í an cheist.
Má bhíonn chughainn, bíonn againn cumhacht,
an todhchaí idir lámhá againnn: dearbhaítear an saol.
Agus de réir mar a ithimid agus a ólaimid agus sinn ag baint taitneamh as,
bímid ag maíomh as ár stór féin, agus an chuid eile ligthe i ndearmad againn.


Iadsan a mbíonn uathu,
ní thuigeann siad smacht ná cumhacht,

agus féachann ar amárach mar thír dheoranta.

Agus fós,
nuair a dháilfidh Dia a cheartas,
beidh botháin lán go barr, agus teipfidh ar infheistíochtaí cliste,
agus féachfaimid siar ar ár saint,

agus tuiscint níos fearr againn ar cén rud é.

Agus an uair sin, an mbeidh sé de dhánaíocht ionainn seasamh le chéile?
An bhfiafróimid ar deireadh,
cén bealach is fearr le maireachtáil?



## CEISTEANNA

- Cad atá i gceist leis an gcruatan eacnamaíoch i do phobal féin?
- Conas mar a chuireann caidrimh idirnáisiúnta leis an dlúthpháirtíocht atá idir an Tuaisceart agus an Deisceart?
- Conas is féidir a dhéanamh deimhin de gur caidrimh mhacánta agus malartú cothrom a bhíonn i gceist leis an gcomhoibriú idir eaglaisí an Tuaiscirt agus an Deiscirt?



## PAIDIR

a Dhia na féile,
is é do ghrá atá thar cuimse a ghin cruthú an domhain.
Trí thailte tráite a thaisteal do ghrá cúititheach,
go mbeadh an tuama folamh,
agus ár saol leat síoraí.
Múinn dúinn do réasún –
gurb ionann tabhairt agus tógaint,
gurb ionann sinn féin a fholmhú agus sinn a bheith á líonadh,
gur le féachaint uainn féin ar aghaidh amach
a thuigfimid go húrnua ár n-aontacht i gCríost.
Áiméan.

## TÉIGH AGUS DÉAN

**(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)**

Tá Eaglaisí i Muir Chairib tar éis feachtas na gComharchumann Creidmheasa a thabhairt isteach le go mbeadh teacht ag na daoine is boichte ar mhaoiniú a fháil ar mhaithe le cúrsaí gnó.

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' le fáil amach conas mar is féidir le scéimeanna micrea-chreidmheasa tionchar dearfach a bheith acu ar phobail ar fud an domhain.

Faigh amach a thuilleadh faoin Churches Mutual Credit Union agus cén tslí ina bhféadfadh d'Eaglais féin nasc a bheith aici leo.

# LÁ 7 TEAGHLAIGH ÉAGSÚLA

## POINTE TOSAIGH

Gné thábhachtach de chúraim an teaghlaigh is ea cosaint agus cothú an pháiste. Tá léiriú ar shaol an teaghlaigh le fáil i scéal an teaghlaigh bhíobalta ar teitheadh ón tubaiste, agus tá meabhrú sa scéal seo chomh maith ar dhílseacht Dé dá chlann féin. Baineann dúshláin ar leith leis an saol sa lá atá inniu ann, go mór mhór i gcás na gcúramóirí arb é an dualgas atá orthu ná páistí a chothú agus a chosaint. Bíonn eaglaisí Mhuir Chairib ag dul i ngleic lena leithéid trína a bheith ag plé leis an imirce, le fadhbanna airgeadais, agus le foréigean sa bhaile. Iarrtar orainn mar Chríostaithe a bheith páirteach sa phobal ina dtugtar tacaíocht do gach teaghlach le go mbeadh cách slán sábháilte ráthúil.

| | |
|---|---|
| **Eacsadas 2.1-10** | Breith Mhaois |
| **Sailm 127** | Mura ndéana an Tiarna an teach a thógail, is saothar amú é do lucht a thógála |
| **Na hEabhraigh 11.23-24** | Choimeád a thuismitheoirí Maois i bhfolach... chonaic siad gur bhreá an leanbh é |
| **Matha 2.13-15** | Dhúisigh Iósaef agus d'éirigh, rug leis an leanbh agus a mháthair san oíche agus chuaigh don Éigipt |

## MACHNAMH

Glaonn ceann an teaghlaigh
sinn go léir isteach…
ó chian is ó chóngar a thánamar,
buailimid fúinn de réir a chéile;
cathaoir an duine agus sinn suite chun boird.



Tá an béile ullamh,
agus an féasta faoi réir.

Tá an bord sin fós thar acmhainn roinnt daoine;
ach ardóimid suas iad,
go bhfeicfidh siad an chuid eile,
agus lámh a leagan ar an mbia a bhí i gcéin tamall roimhe.

Tá na cathaoireacha sin fós róthrom do roinnt eile;
ach babhtálaimid lena chéile iad,
iad a chaitheamh mórthimpeall,
cách ar a compord.



Aistrítear gach beirt,
an bhearna á líonadh,
is cuma corruimhreacha a bheith ag an mbord;
tar éis an tsaoil…
ní haon tionól teaghlaigh a bheadh ann,
mura mbeimis ar fad i láthair.

## CEISTEANNA

- Cén t-athrú atá ag teacht ar an tuiscint atá againn ar an 'teaghlach'?
- Cén cur amach a fhaighimid ar an 'teaghlach' laistigh de d'eaglais?
- Conas mar a thacaíonn an eaglais le teaghlaigh i dtréimhsí corracha?

## PAIDIR



a Dhia an ghrá,
chuir tú do shaol i mbaol,
á chur i mbroinn déagóra,
cúram do mhic
á roinnt le siúinéir ón mbaile agat.
Tuigeann tú idir theaghlaigh, phobail, agus chaidrimh-
meascán mearaí den áilleacht.
Beannaigh na daoine a thógann clann,
agus tabhair aire do dhaoine sa phobal atá ar lagchuidiú.
Agus trí do ghrásta,
bailigh isteach iad i saol do ríochta,
trínár dTiarna, Íosa Críost.
Áiméan.



## IMIGH AGUS DÉAN

**(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)**

Tá eaglaisí Mhuir Chairib ag obair i dtreo tacaíocht a thabhairt don teaghlach núicléach agus don teaghlach sínte araon.

Eagraigh dinnéar don 'teaghlach sínte' idir na heaglaisí ar fad sa cheantar. D'fhéadfadh gach ceann de na heaglaisí cúrsa ar leith a thabhairt, nó deochanna, nó d'fhéadfaidis an t-ionad féin a sholáthar.

Tabhair cuireadh dóibh siúd sa phobal atá ag maireachtáil i bhfad óna muintir teacht go dtí do thigh féin agus lón an Domhnaigh a chaitheamh le do theaghlach féin.

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' le smaointe a fháil ar cad é an tslí is fearr le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh sa cheantar agus ar fud an domhain.



# LÁ 8 GLAOCH CHUN ATHMHUINTEARAIS

## POINTE TOSAIGH

Tá sé mar chuid thábhachtach de phlean Dé go mbunófaí pobal a bheadh aontaithe faoi chúnant agus domhan úr á thabhairt chun réitigh lena chéile aige. Tá na leathscéalta ar fad anois ag teacht maidir le leagáid stairiúil an choilíneachais, agus tá siad tar éis an caidreamh idir Baistigh na Breataine agus na hIamáice, mar shampla, a athrú ó bhonn. Léiriú is ea é seo ar an tslí ina n-iarrtar ar na hEaglaisí aontaithe le bheith ina gcomhartha gníomhach den athmhuintearas, ar aon dul lenar tharla i gcás Iosrael sa Bhíobla. Tá obair an athmhuintearais níos forleithne ná an séipéal é féin gan dabht, agus fágann sé seo go nglaotar ar na Críostaithe le bheith ag obair ar son an athmhuintearais ar feadh an domhain mhóir.

| | |
|---|---|
| **Íseáia 11.12-13** | Ní bheidh Eafráim in éad le Iúdá feasta, ná Iúdá ina namhaid ag Eafráim níos mó |
| **Sailm 106.1-14, 43-48** | Bailigh le chéile sinn as measc na náisiún go dtugaimis buíochas do d'ainm naofa |
| **Eifeasaigh 2.13-19** | Leag sé ar lár an balla deighilte |
| **Eoin 17.1-12** | Tá glóir faighte agam iontu |

## MACHNAMH

Tá tinneas na staire préamhaithe sa sclábhaíocht agus sa chos ar boilg,
agus leagáid na deighilte fágtha aige ar chlann Dé.
Is de bharr easpa an aithreachais sa stair agus sna cuimhní a chloímid leis na seanghortuithe,
agus ligimid dóibh sinn a mhúnlú.
Tá náire orainn gur sinne faoi deara iad,
agus táimid róbhródúil chun é sin a admháil,
rud a chinntíonn go gcuirtear an gortú agus an deighilt ar aghaidh.
Tá Corp Chríost fós briste;
cuirtear níos faide arís sinn ón té a thabharfaidh ár gcreideamh chun réitigh,
agus an aontacht a dtagann ann di tríd an ngrá.
Labhrann an Spiorad, ach an bhfuilimid ag éisteacht in aon chor?
Nach gcloisimid in aon chor é?
Sin é do dhóthain! Sin é do dhóthain!

Is féidir linn ár leithscéal a ghabháil,
maithiúnas a lorg,
maithiúnas a thabhairt,
agus scaoileadh le gach aon rud.



Cad é ba cheart dúinn a thabhairt do Dhia?
Ar cheart dúinn an gearradh, an cion, an searbhas agus an t-éad a chur uainn mar rudaí a sheasann idir sinn agus grásta agus trócaire cúititheach Dé?
Léirigh dúinn a Thiarna ár laigeachtaí agus grásta an mhaithiúnachais á lorg againn ort, agus cabhraigh linn teacht arís le chéile i gcaidreamh grámhar a chuirfeadh deireadh le deighiltí institiúideacha.
Le chéile a ghluaisfimid i dtreo an athmhuintearais a d'aontódh sinn trí rince an Dé thrí-aonta.



## CEISTEANNA

- Cén chiall atá leis an bhfocal 'athmhuintearas' dar leat?
- Cén difríocht a dhéanfadh an eaglais ó thaobh athmhuintearas a thabhairt isteach in áiteanna a mbaineann coimhlint agus deighlit leo, idir daoine aonair agus sa tsochaí go ginearálta?
- An gcuireann an t-athmhuintearas idir eaglaisí le hathmhuintearas níos leithne a chur ar bun ar fud an domhain?

## PAIDIR

A Dhia trí-aonta,
Tríonóid an triúir,
Iarrann tú ar do phobal a bheith in éineacht,
agus go dtiocfadh an domhan chun creidimh.
Bronn orainn do spiorad
go mbeidís ag gníomhú agus ag labhairt le haon ghuth amháin,
go n-athrófaí pianta agus deighiltí an domhain seo
trí cheansú, dóchas agus athmhuintearas,
paidir an Tiarna á fhíorú,
agus go naofar agus go dtugtar ómós do d'ainm.
Áiméan.

## TÉIGH AGUS DÉAN

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

*Bíonn eaglaisí Mhuir Chairib ag obair le chéile chun na gortuithe a d'fhulaing Corp Chríost sa cheantar a leigheas. Le leagáid an choilíneachais a bhaineann na gortuithe seo.*

Tabhair cuairt ar 'Go and Do' chun a thuilleadh a léamh faoi scéalta spreagúla agus dúshláin eile i gceantar Mhuir Chairib.

Cruthaigh slabhra paidreacha amach as páipéar don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí i mbliana – tá treoir le fáil ar shuíomh idirlín 'Go and Do'.

Cuir tús le cór ina mbeadh daoine ó gach eaglais sa cheantar ina mbaill, agus cuir iachall orthu amhrán a chanadh le chéile ag an gcéad eagrán eile den tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí.



**Foilsithe le Churches Together in Britain and Ireland**
39 Eccleston Square, Londain SW1V 1BX
info@ctbi.org.uk www.ctbi.org.uk
Teileafón: 0203 794 2288
Carthanacht chláraithe uimh. 1113299.
Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,
uimhir chláraithe 5661787

**Cóipeanna breise ar fáil ó:**

Norwich Books and Music
13a Hellesdon Park Road
Norwich, Norfolk NR6 5DR
Líne ordaithe: 01603 785925
Facs: 01603 785915
orders@norwichbooksandmusic.co.uk

978-0-85169-405-4 WPCU 2018 Paimfléad Béarla
978-0-85169-406-1 WPCU 2018 Paimfléad Dátheangach (Béarla - Breatnais)
978-0-85169-407-8 WPCU 2018 Cló mór

Leaganacha inіoslódáilte agus taispeántas PowerPoint, aistriúcháin i mBreatnais agus i nGaeilge san áireamh, le fáil ó:
www.ctbi.org.uk/weekofprayer

www.weekofprayer.org
Twitter: #wpcu2018
#wpcuwall

Seirbhís do gach aois
www.rootsontheweb.com

churches together IN BRITAIN AND IRELAND ©